## Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta

Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2
Guthán: (01) 6663430/35
R-phost: gnpsb@garda.ie

Nó glaoigh ar do Stáisiún an Gharda Síochána áitiúil

## Teagmhálaithe agus Naisc Áisiúla Eile

**Cosc -** An Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne | www.cosc.ie

**Ionad Éigeandála um Éigniú Bhaile Átha Cliath** | www.drcc.ie
Líne Chabhrach Náisiúnta 24 Uair an Chloig - Saorghlao 1800 77 88 88

**Líonra Éigeandála um Éigniú na hÉireann**| www.rcni.ie
Ionaid Áitiúla | www.rapecrisishelp.ie/find-a-service/

**Seirbhísí SATU** | www.hse.ie/satu
Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis

**Tusla – an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach** | www.tusla.ie

**CARI (Leanaí i mBaol in Éirinn)** | www.cari.ie
Líne Chabhrach ó Luan go hAoine (9.30am-5.30pm) – Glao Áitiúil 1890 92 45 67

**ISPCC** | www.ispcc.ie
Líne Chabhrach na Leanaí 24 Uair an Chloig – Saorghlao 116 000

**Líne Chabhrach d'Íospartaigh na Coireachta** |
www.crimevictimshelpline.ie
Saorghlao: 116 006

**Samaritans** | láithreán gréasáin: www.samaritans.org
Líne Chabhrach 24 Uair an Chloig Saorghlao 116 123

## Teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána

I gcás Éigeandála – Glaoigh ar 999 nó 112

Glaoigh nó tabhair cuairt ar an Stáisiún na nGardaí is gaire duit

Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí

Saorghlao 1800 555 222

Nótaí

An Garda Síochána
www.garda.ie

An Garda Síochána

# FAISNÉIS

## DO DHAOINE A THUAIRISCÍONN COIREACHT GHNÉIS AGUS MÍ-ÚSÁID LEANAÍ



# Íospartaigh na Coireachta Gnéis agus na Mí-Úsáide Leanaí

Aithníonn an Garda Síochána an phian mhothúchánach agus fhisiciúil a d'fhéadfadh íospartaigh na coireachta gnéis agus na mí-úsáide leanaí a fhulaingt. D'fhéadfadh an fhulaingt seo a bheith chomh dona sin go minic go mbraitheann íospartaigh nach féidir leo an Garda Síochána a chur ar an eolas faoin gcoir. Aithnímid go mbíonn an deacracht seo ag íospartaigh, ach spreagfaimis gach íospartach na coireachta gnéis agus na mí-úsáide leanaí chun gearán a dhéanamh leis an nGarda Síochána lena chinntiú, sa chás gur féidir, go ndéantar déantóir na coire cuntasach den choir.

## Tugtar an dearbhú seo a leanas duit:

- Tá dualgas ar an nGarda Síochána gach coireacht ghnéis agus mí-úsáid leanaí a thuairiscítear dóibh, a fhiosrú go hiomlán, gan eisceacht. Caithfear le do thuairisc mar ábhar tromchúiseach.
- Tá na Gardaí curtha faoi oiliúint chun do thuairisc a fhiosrú ar bhealach comhbhách, íogair agus gairmiúil. Déanfar gach iarracht Garda de do rogha inscne a chur ar fáil don imscrúdú.
- Seasfar le cearta gach páirtí atá bainteach leis an imscrúdú. Déileálfar le híospartaigh i gcomhréir le Treoir AE 29/2012 d'Íospartaigh na Coireachta, le Reachtaíocht na hÉireann agus le Cairt Íospartach an Gharda Síochána.
- Cuirtear gearáin faoi choireacht ghnéis agus mí-úsáid leanaí i gcuntas ar chóras ríomhaire PULSE an Gharda Síochána ach ní sholáthraítear rochtain orthu ach amháin do phearsanra atá bainteach leis an imscrúdú agus do mhaoirseoirí.
- Tabharfar sonraí teagmhála an Gharda atá i bhfeighil an imscrúdaithe duit agus coimeádfar tú suas chun dáta maidir le dul chun cinn imscrúdaithe an Gharda Síochána ar bhonn rialta. Soláthrófar duit Uimhir Theagmhais PULSE a bhaineann le do ghearán.
- Soláthrófar sonraí duit faoi sheirbhísí tacaíochta atá ar fáil a bhaineann leis an gcoir sin a thuairiscíonn tú.
- Féadfaidh aturnae agus/nó do rogha duine eile a bheith i do chuideachta nuair a dhéanann tú teagmháil leis an nGarda Síochána. Féadtar bearta eile speisialta cosanta a sholáthar duit, chomh maith, ar nós agallóirí ar cuireadh oiliúint speisialta orthu agus/nó ateangaire, ag brath ar do chúinsí.
- Déanfaidh an Garda Síochána cumarsáid leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach agus oibreoidh sé leo sa chás go dtagann aon bhuarthaí faoi chosaint leanaí aníos.
- Nuair a bheidh an t-imscrúdú tugtha chun críche, cuirfear comhad imscrúdaithe faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

## Conas Coir Ghnéis nó Mí-Úsáid Leanaí a Thuairisciú

*Tuairisciú Tosaigh a Dhéanamh*

Más íospartach nó finné tú do choir ghnéis nó do mhí-úsáid leanaí spreagfaimis tú chun é seo a thuairisciú don Gharda Síochána. Féadfaidh tú seo a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

*Glaoigh ar 112/999*

Glaoigh ar 112 nó 999 i gcás éigeandála. Is ionann éigeandáil agus aon teagmhas óna dteastaíonn freagairt láithreach ón nGarda Síochána. Is iad samplaí d'éigeandálaí ná:

- Beatha i mbaol
- Riosca i leith gortú tromchúiseach
- Coir ar bun nó ar tí tarlú
- Tá an ciontóir fós ag an láthair nó tá sé díreach tar éis imeacht

### Beartas an Gharda Síochána

Sonraítear beartas Choimisinéir an Gharda Síochána maidir leis an mbealach a imscrúdaítear coireanna gnéis agus mí-úsáid leanaí i mBeartas an Gharda Síochána maidir le hImscrúdú Coireanna Gnéis, Coireanna in aghaidh Leanaí agus Leas Leanaí (ar fáil ag www.garda.ie)
.

## Cad a Tharlaíonn nuair a Ghlaoim ar 112 nó 999?

Cuimhnigh, nuair a ghlaonn tú ar 112 (nó 999), go mba choir duit, 'fan socair, fan dírithe agus fan ar an líne'. Nuair a ghlaonn tú ar 112 nó 999, luaigh go soiléir an tseirbhís éigeandála a theastaíonn uait, le do thoil. B'fhéidir go mbeidh ort na sonraí a leanas a thabhairt: d'ainm, an áit ina bhfuil tú agus d'uimhir ghutháin.

## Saorghlao - Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí

Is féidir gearáin faoi mhí-úsáid leanaí a dhéanamh ar an nguthán agus ar bhealach rúnda 24 uair an chloig sa lá, 7 lá sa tseachtain, trí ghlao ar 1800 555 222.

## Glaoigh ar do Stáisiún an Gharda Síochána Áitiúil nó Déan Tuairisc go Pearsanta

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le do Stáisiún an Gharda Síochána áitiúil i bpearsan nó ar an nguthán. Tá fáil ar shonraí faoi gach Stáisiún na nGardaí ar Láithreán Gréasáin an Gharda Síochána (www.garda.ie).

Féadfaidh tú bualadh isteach chuig Stáisiún na nGardaí i bpearsan i dteannta carad leat, nó le hoibrí tacaíochta ó cheann den iomaí grúpa tacaíochta d'íospartaigh. Liostaítear sonraí faoi na grúpaí siúd, a sholáthraíonn seirbhísí náisiúnta agus áitiúla araon ar www.cosc.ie. Oifig Feidhmiúcháin den Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais is ea Cosc, an Oifig Náisiúnta um Chosc ar Fhoréigean Teaghlaigh, Gnéis agus Inscne.

## Déan Teagmháil le d'Ionad Éigeandála um Éigniú Áitiúil

Cuireann Ionaid Éigeandála um Éigniú ar fud na tíre comhairle agus seirbhísí tacaíochta ar fáil d'íospartaigh éignithe agus ionsaí ghnéis. Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Líne Chabhrach 24 Uair trí ghlao ar 1800 77 88 88.

## Aonaid Chóireála d'Ionsaithe Gnéis (SATUanna)

Má bhí tú i d'íospartach éignithe nó ionsaí ghnéasaigh le 7 lá anuas, féadfaidh tú freastal ar Aonad Cóireála d'Ionsaithe Gnéis (SATU) le tionlacan ó Gharda nó gan tionlacan. Cuirtear trí sheirbhís ar fáil faoi láthair:

1. Féadfaidh tú an choir a thuairisciú don Gharda Síochána, agus rachaidh Garda leat chuig SATU. Soláthrófar cúram cuimsitheach leighis, síceolaíochta agus fóiréinseach duit ansin. Déanfar aon ghortuithe a dhoiciméadú agus cuirfear cóir leighis orthu agus glacfar samplaí oiriúnacha fóiréinseacha chun cabhrú le himscrúdú an Gharda Síochána.

2. Mura mian leat an choir a thuairisciú don Gharda Síochána, féadfaidh tú freastal ar SATU (ó Luan go hAoine, 9am-5pm) chun cúram leighis agus síceolaíochta a fháil. Ní ghlacfar aon samplaí fóiréinseacha.

3. Féadfaidh tú freastal ar SATU gan aon bhaint a bheith ag an nGarda Síochána ann chun cúram leighis agus síceolaíochta a fháil agus féadtar glacadh le samplaí fóiréinseacha agus iad a choimeád ag an SATU fad a smaoiníonn tú an choir a thuairisciú don Gharda Síochána nó a mhalairt. Is gnách go gcoimeádfar na samplaí ar feadh 1 bhliain mura n-iarrann tú i scríbhinn go gcoimeádtar iad ar feadh tréimhse níos faide.

**Déan do mhachnamh, le do thoil, an eachtra a thuairisciú don Gharda Síochána a luaithe agus is féidir.** Má bhíonn moill ann an eachtra a thuairisciú, b'fhéidir nach mbeidh an deis chéanna ag an nGarda Síochána fianaise thábhachtach a bhailiú.

**Féach lastall, le do thoil, chun teacht ar shonraí faoi conas teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána agus le go leor dár ngníomhaireachtaí comhpháirtíochta.**